


# FÍRICÍ AGUS FIGIÚIRÍ

# TUARASCÁIL EORPACH UM SHÁBHÁILTEACHT MHUIRÍ, 2025

AN GHNÍOMHAIREACHT EORPACH UM SHÁBHÁILTEACHT MHUIRÍ

EMSA

European Maritime Safety Agency

**An Ghníomhaireacht Eorpach um Shábháilteacht Mhuirí**
Praça de Europa 4,
1249-206 Liospóin,
an Phortaingéil

**Teil.:** +351 211 209 200
**Suíomh gréasáin:** emsa.europa.eu
**Fiosrúcháin:** emsa.europa.eu/contact

**Fógra dlíthiúil:**
Níl an Ghníomhaireacht Eorpach um Shábháilteacht Mhuirí (EMSA) ná aon tríú páirtí atá ag gníomhú thar ceann na Gníomhaireachta freagrach as an úsáid a d'fhéadfaí a bhaint as an bhfaisnéis atá sa tuarascáil seo.

**Fógra cóipchirt:**
Féadfar ábhar na tuarascála seo a atáirgeadh, a oiriúnú agus/nó a dháileadh, go hiomlán nó go páirteach, beag beann ar na modhanna agus/nó ar na formáidí a úsáidtear, ar choinníoll go n-aithnítear EMSA mar fhoinse bhunaidh an ábhair. Ní mór admháil den mar sin a áireamh i ngach cóip den ábhar. Féadfar codanna ón ábhar seo a lua gan cead a fháil roimh ré ach an fhoinse a admháil. Ní bhaineann na ceadanna thuasluaite le codanna laistigh den tuarascáil seo ar le tríú páirtí an cóipcheart. Sna cásanna sin ní mór cead atáirgthe a fháil ó shealbhóir an chóipchirt.

Tá an tuarascáil seo agus aon ábhair a ghabhann leis le fáil ar líne ag emsa.europa.eu.

**© An Ghníomhaireacht Eorpach um Shábháilteacht Mhuirí, 2025**

Tá tuilleadh eolais faoin Aontas Eorpach ar fáil ag https://european-union.europa.eu/index_ga.

Lucsamburg: Oifig Foilseachán an Aontais Eorpaigh, 2025

ISSN: 2443-6224
ISBN: 978-92-95229-30-3
doi: 10.2808/1990764
Uimhir Catalóige: TN-01-25-001-GA-N

Grianghraf clúdaigh: Wojciech Wrzesień/Adobe Stock

Oifig Foilseachán
an Aontais Eorpaigh


# Réamhrá

Sa dara heagrán den *Tuarascáil Eorpach um Shábháilteacht Mhuirí* (Emsafe), atá athbhreithnithe agus nuashonraithe go hiomlán, dírítear ar shaincheisteanna reatha a imríonn tionchar ar loingseoireacht agus sábháilteacht san Aontas Eorpach (AE). Ar an mórgóir, tá sé mar aidhm ag Emsafe féachaint le tuiscint níos fearr a bhunú ar na dúshláin agus na deiseanna maidir le sábháilteacht atá roimh an earnáil mhuirí trí thacar príomhshonraí teicniúla a thabhairt le chéile, ó bhunachair shonraí de chuid na Gníomhaireachta Eorpaí um Shábháilteacht Mhuirí (EMSA) féin agus ón taobh amuigh, mar a bhaineann le sábháilteacht na long agus lena bhfeidhmiú.

Úsáideann Emsafe sonraí agus faisnéis ó 2019 go 2023, ar thréimhse í ina raibh tionchar suntasach ag imeachtaí domhanda ar an earnáil mhuirí. D'imir roinnt fachtóirí tionchar suntasach ar shreabhadh muirthráchta, cuir i gcás paindéim COVID-19, an tionchar a bhí ag imeacht na Ríochta Aontaithe as an Aontas, agus leathadh éifeachtaí coinbhleachtaí idirnáisiúnta – ionradh na Rúise ar an Úcráin agus cúrsaí sa Mheánoirthear san áireamh.


Sa chomhthéacs sin déantar anailís sa dara heagrán seo de Emsafe ar iarrachtaí thar ceann na hearnála muirí cloí le leibhéil sábháilteachta agus, ag an am céanna, dul i dtaithí ar thírdhreach rialála atá ag teacht chun cinn agus aghaidh a thabhairt ar dhúshláin bhreise amhail dul in aois an chabhlaigh, digitiú, dícharbónú, agus an gá atá le lucht saothair cáilithe a choinneáil agus a mhealladh.

Ina theannta sin, ó foilsíodh an chéad tuarascáil in 2022, tá aird tarraingthe ag tionóiscí ardphróifíle muirí, lena n-áirítear na tinte ar bord an MV (bád innill) *Fremantle Highway* agus an *Felicity Ace*, ar rioscaí nua sábháilteachta ar cheart don tionscal tabhairt faoina maolú.



© Egor/Adobe Stock

# Éarnáil mhuirí an Aontais



© Naypong / Getty Images

Tá an t-iompar muirí ríthábhachtach don gheilleagar domhanda, agus os cionn 80 % de thrádáil dhomhanda de réir toirte a bheith á hiompar ar muir. Láimhseáladh breis agus 3 375 mhilliún tona d'earraí i gcalafoirt an Aontais in 2023, arbh ionann 39 % de sin agus iompar náisiúnta agus iompar laistigh den Aontas.

**Thug breis agus 880 000 long cuairt ar chalafoirt an Aontais in 2023**, arb ionann é agus méadú de bheagnach 20 % i gcomparáid leis na leibhéil a bhí ann roimh an bpaindéim. B'ionann tracht intíre breis agus 50 % díobh, agus longa róró agus longa paisinéirí na cineálacha long ba choitianta a thug cuairt ar chalafoirt an Aontais. Tá thart ar thrí cheathrú de na longa uile a thugann cuairt ar chalafoirt an Aontais faoi bhratach Bhallstáit de chuid an Aontais, agus tá níos lú ná 25 % díobh cláraithe i dtír nach de chuid an Aontais í.

I gcaitheamh na bliana 2023, **chuaigh 395 mhilliún paisinéir ar bord long agus thuirling na paisinéirí sin díobh i gcalafoirt an Aontais**, ba é sin 5.5 % ní ba lú ná in 2019 (tar éis titim 45 % in 2020 de dheasca na srianta taistil a forchuireadh mar gheall ar phaindéim COVID-19).

Idir 2019 agus 2023, **bhí longchlóis an Aontais freagrach as 7.6 % de ghníomhaíocht dhomhanda nuathógála**, de réir líon na long a tógadh. I gcomparáid leis an tréimhse ó 2016 go 2020, **tháinig laghdú 1.2 % ar sciar domhanda na long a tógadh san Aontas thar thréimhse choibhéiseach de chúig bliana**. D'ainneoin an laghdaithe sin, tá an tAontas fós chun tosaigh maidir le longa paisinéirí, soithí iascaireachta agus soithí soláthair amach ón gcósta a thógáil. Is iad an Ísiltír, an Pholainn agus an Spáinn na Ballstáit ina dtáirgtear an líon is mó soithí sna catagóirí sin. Bítear ag díriú san Fhionlainn, san Iodáil agus sa Ghearmáin ar thógáil soithí móra, amhail longa cúrsála.

**Fíor 1:** Líon na long nuathógtha de réir cineál loinge san Aontas agus ar fud an domhain, agus an sciar de longa a bhí tógtha san Aontas de réir cineál loinge (2019-2023) (*).

| | San Aontas | Ar domhan | % |
|---|---|---|---|
| Tancaeir | 17 | 2 429 | 0.7% |
| Bulc-iompróirí | 10 | 2 262 | 0.4% |
| Lastlonga ginearálta | 69 | 1 076 | 6.4% |
| Longa coimeádáin | 1 | 994 | 0.1% |
| Lastlonga róró | 14 | 271 | 5.2% |
| Longa paisinéirí | 262 | 814 | 32.2% |
| Lastlonga eile | 0 | 68 | 0% |
| Soithí iascaireachta | 277 | 1 610 | 17.2% |
| Soithí oibre eile | 358 | 3 819 | 9.4% |
| Iomlán | 1 008 | 13 343 | 7.6% |

(*) (*) Longa trádála ag a bhfuil uimhreacha IMO, féinghluaiste, 100 GT agus os a chionn.

Foinse: EMSA

Os a choinne sin, **is ceannaire domhanda é tionscal trealaimh mhuirí na hEorpa**, le sciar den mhargadh de 35 % do raon leathan táirgí.

Léirítear le sonraí ó Thairseach MED, an bunachar sonraí tagartha le haghaidh táirgí atá deimhnithe san Aontas faoin Treoir maidir le Trealamh Muirí (Treoir 2014/90/AE), go ndéanann cuideachtaí atá lonnaithe san Aontas 45 % den trealamh muirí atá suiteáilte ar longa faoi bhratach Bhallstáit de chuid an Aontais a mhonarú.

# Stát brataí


© artur carvalho / Getty Images

Tá ról bunúsach ag Ballstáit an Aontais, ina gcáil mar stáit brataí, chun sábháilteacht mhuirí agus cosaint na muirthimpeallachta a áirithiú. Ní mór dóibh a áirithiú go ndéanann longa atá cláraithe leo (faoina mbratach) gach rialachán atá ábhartha dóibh a chomhlíonadh, amhail rialacháin idirnáisiúnta, de chuid an Aontais ná náisiúnta, lena n-áirítear rialacháin maidir le tógáil, oibriú, bainistiú agus athchúrsáil long.

## An cabhlach faoi bhratach Bhallstáit de chuid an Aontais

I gcodarsnacht leis an gcabhlach domhanda, ar tháinig méadú 6 % air idir 2019 agus 2023 chun freastal ar an éileamh méadaitheach, tháinig laghdú 2 % ar an gcabhlach faoi bhratach Bhallstáit de chuid an Aontais.

**Fíor 2**: An líon long atá cláraithe faoi bhratacha na mBallstát den Aontas.

| Cineál loinge | 2023 | 2019–2023 | |
|---|---|---|---|
| Soithí oibre eile | 4 096 | 4 098 | 4 096 |
| Longa paisinéirí | 2 496 | 2 412 | 2 496 |
| Tancaeir | 2 110 | 2 288 | 2 110 |
| Lastlonga ginearálta | 1 579 | 1 642 | 1 579 |
| Bulc-iompróirí | 1 105 | 1 314 | 1 105 |
| Longa coimeádáin | 1 095 | 1 096 | 1 095 |
| Lastlonga róró | 418 | 394 | 418 |
| Lastlonga eile | 110 | 89 | 110 |
| Iomlán | 13 009 | 13 333 | 13 009 |

Foinse: EMSA

In 2023 b'ionann an cabhlach faoi bhratach Bhallstáit de chuid an Aontais agus thart ar 13 % de chabhlach an domhain de réir líon long, agus thart ar 16 % den olltonnáiste domhanda (GT).


D'ainneoin gur tháinig méadú 13.8 % ar an tonnáiste domhanda idir 2019 agus 2023, tháinig laghdú 1 % ar thonnáiste Bhallstáit de chuid an Aontais sa tréimhse chéanna. Thit cion de thonnáiste na mBallstát den Aontas i dtaca leis an gcoibhéis dhomhanda ó 18.7 % in 2016 go 17.8 % in 2020 agus 15.8 % in 2023.

## Sábháilteacht long paisinéirí san Aontas

Tháinig méadú de bheagnach 2 % ar líon na long paisinéirí a bhí cláraithe le Ballstáit an Aontais idir 2019 agus 2023, agus ba iad longa paisinéirí róró agus árthaí paisinéirí ardluais (HSC) faoi bhratach Bhallstáit de chuid an Aontais ní ba mhó ná **30 % de chabhlach an domhain ar na cineálacha long sin agus ní ba mhó ná 50 % i dtaobh olltonnáiste.** Ina theannta sin, tháinig méadú 17 % ar an líon HSCanna faoi bhratach Bhallstáit de chuid an Aontais sa tréimhse chéanna.

D'ainneoin an mhéadaithe ar líon na long paisinéirí san Aontas, níor tháinig aon laghdú ar a meánaois. **Ó 2023 ar aghaidh, ba é 29 mbliana meánaois na long paisinéirí a cuireadh** faoi bhratach Bhallstáitde chuid an Aontais, **arb ionann é agus méadú ó 28 mbliana in 2019**.

**Fíor 3:** Meánaois (de réir cineál loinge) na long faoi bhratach Bhallstáit de chuid an Aontais i gcomparáid le cabhlach an domhain.




Foinse: EMSA

Is féidir an treocht sin a nascadh go díreach le **longa atá ann cheana a aistríonn ó bheith faoi bhratacha nach de chuid an Aontais iad go bheith faoi bhratacha na mBallstátden Aontas.**

**Fíor 4:** Líon d'athruithe brataí de réir cineál loinge i dtaca le bratacha na mBallstát den Aontas (2019-2023).

| | Ballstát go Ballstát eile | Ballstát nach Ballstát den Aontas é go Ballstát | Ballstát go Ballstát nach Ballstát den Aontas é | Iomlán |
|---|---|---|---|---|
| Tancaeir | 388 | 685 | 1 108 | −423 |
| Bulc-iompróirí | 125 | 404 | 769 | −365 |
| Lastlonga ginearálta | 475 | 577 | 687 | −110 |
| Longa coimeádáin | 380 | 683 | 729 | −46 |
| Lastlonga róró | 51 | 57 | 71 | −14 |
| Longa paisinéirí | 254 | 97 | 118 | −21 |
| Lastlonga eile | 43 | 38 | 9 | 29 |
| Soithí oibre eile | 642 | 505 | 612 | −107 |
| Iomlán | 2 358 | 3 046 | 4 103 | −1 057 |


Foinse: EMSA

Ó 2019 go 2023 d'aistrigh 35 % ní ba mhó de longa amach ó bheith faoi bhratach Bhallstáit de chuid an Aontais ná mar a d'aistrigh isteach ó bheith faoi bhratacha lasmuigh den Aontas. Ba iad bulc-iompróirí, tancaeir ola agus ceimiceán agus lastlonga ginearálta formhór na long a d'imigh as bratacha na mBallstát den Aontas.

Ba é 18 mbliana d'aois meánaois na long paisinéirí a d'aistrigh go bratacha na mBallstát den Aontas (21 bhliain i gcás róró). **Bhí ní ba mhó ná aon trian de na longa sin ní ba shine ná 25 bliana d'aois an tráth a d'athraigh siad go bratacha na mBallstát den Aontas.**

Is ábhar imní é go bhfuil longa paisinéirí atá faoi bhratach Bhallstáit de chuid an Aontais ag dul in aois. Ar an mórgóir, ní chuirtear caighdeáin sábháilteachta i bhfeidhm go haisghníomhach, rud a chiallaíonn go gcomhlíonann longa leis na caighdeáin is infheidhme tráth a dtógála. Tógadh **38 % de na longa paisinéirí uile atá á n oibriú** i gcabhlach faoi bhratach Bhallstáit de chuid an Aontais tráth arbh iad na caighdeáin chobhsaíochta damáiste ab infheidhme na cinn de chuid an Choinbhinsiúin  Idirnáisiúnta um Shábháilteacht Anama ar Muir (SOLAS) 1960 agus 1974.

**Fíor 5:** Longa paisinéirí faoi bhratach Bhallstáit de chuid an Aontais, faoi cheanglais dhifriúla maidir le cobhsaíocht damáiste ag SOLAS bunaithe ar dháta a dtógála (2023).





Foinse: EMSA

# Tionóiscí

Is táscaire iontaofa é líon na dtionóiscí taifeadta ar fheidhmíocht sábháilteachta cabhlaigh. Idir 2019 agus 2023, ba é **2 344 líon na dtionóiscí ar an meán lena raibh baint ag long amháin ar a laghad faoi bhratach Bhallstáit** de chuid an Aontais, **faoi raon feidhme reachtaíocht infheidhme an Aontais Eorpaigh.** Tháinig laghdú 16 % ar líon na dtionóiscí a tuairiscíodh don Ardán Faisnéise Eorpach maidir le Taismigh Mhuirí (EMCIP) (á bhainistiú ag EMSA) sa tréimhse sin i gcomparáid leis an tréimhse a cumhdaíodh sa chéad eagrán de Emsafe.

**Fíor 6:** Líon iomlán na dtionóiscí a tuairiscíodh do EMCIP (2019-2023).





Foinse: EMCIP (EMSA)

B'ionann tionóiscí tromchúiseacha (longa a ndearnadh damáiste dóibh ionas go raibh siad mí oiriúnach chun dul ar muir, gortuithe tromchúiseacha, miondamáiste don chomhshaol) agus 27.8 % de na tionóiscí go léir a taifeadadh sa tréimhse sin, agus b'ionann tionóiscí an tromchúiseach (básanna, caillteanas iomlán, damáiste tromchúiseach don chomhshaol) agus 2.2 % den iomlán.

**In 2023 fuair 22 dhuine bás agus gortaíodh 741 dhuine i dtionóiscí a bhain le longa faoi bhratach Bhallstáit de chuid an Aontais.** Tharla an líon ba mhó básanna i dtionóiscí a bhain le lastlonga, arb ionann iad agus thart ar 49 % den chabhlach, agus soithí iascaireachta agus longa seirbhíse ina dhiaidh sin.

**Fíor 7**: Iomlán na mbásanna a tuairiscíodh do EMCIP (2019-2023).





Foinse: EMCIP (EMSA)

# Stát brataí: táscairí sábháilteachta

D’fhéadfadh líon na n-easnamh a tuairiscíodh i suirbhéanna nó mar chuid de chigireachtaí stáit brataí a bheith ina tháscaire féideartha ar fheidhmíocht sábháilteachta freisin. Mar sin féin, níl aon bhunachar sonraí láraithe ann faoi láthair de chigireachtaí maidir le stát brataí; is é an choibhéis is gaire ar leibhéal an Aontais ná bunachar sonraí an chórais speisialta le haghaidh cigireachtaí ar longa róró agus HSCanna, a áirítear i mbunachar sonraí THETIS-EU a bhíonn á bhainistiú ag EMSA. Léiríonn torthaí na gcigireachtaí sin go mbaineann **38% de na heasnaimh ar fad a fuarthas le sábháilteacht dóiteáin.**

**Fíor 8:** Na 15 easnamh ba mhó a sainaithníodh i gcigireachtaí ar longa róró agus HSCanna (2019 2023).





**Foinse:** Thetis (EMSA, 2023b)

Ar an leibhéal idirnáisiúnta cuireann torthaí na Scéime Iniúchóireachta ar Bhallstáit de chuid na hEagraíochta Muirí Idirnáisiúnta (IMO) sonraí comhiomlánaithe úsáideacha ar fáil. **Baineann 42 % de na torthaí sin le hoibleagáidí stáit brataí,** agus baineann an sciar is mó (33 %) le cúrsaí cur chun feidhme agus cúrsaí forfheidhmithe (17 %) ina dhiaidh sin. D’fhan an rangú sin comhsheasmhach thar na blianta, d’ainneoin an líon ní ba mhó iniúchtaí a bhí ar siúl idir 2016 agus 2022 ar an leibhéal idirnáisiúnta.

Tá torthaí na gcigireachtaí i dtaca le Rialú arna dhéanamh ag Stát an Chalafoirt (RSC) ina dtáscaire freisin ar fheidhmíocht sábháilteachta na long atá faoi bhratach Bhallstáit de chuid an Aontais agus a oibríonn go hidirnáisiúnta. In 2023 **cuireadh bratacha uile na mBallstát den Aontas i gcóras Mheabhrán Comhthuisceana Pháras ar an mbratliosta bán, seachas ceann amháin díobh**, a bhí ar an mbratliosta liath.


**Fíor 9:** Feidhmíocht bhratach Bhallstáit de chuid an Aontais de réir chóras Mheabhrán Comhthuisceana Pháras maidir le bratliostaí bána, liath agus dubha.




Foinse: Mheabhrán Comhthuisceana Pháras (Paris MoU)


Lasmuigh den Mheabhrán Comhthuisceana Pháras, déantar anailís sa dara heagrán seo de Emsafe ar fheidhmíocht sábháilteachta na long atá faoi bhratach Ballstáit de chuid an Aontais i gcórais RSC de Mheabhrán Comhthuisceana Thóiceo agus Gharda Cósta na Stát Aontaithe (USCG). Bhí trí cinn ar bhratliosta liath Mheabhrán Comhthuisceana Thóiceo, agus **mheas USCG go raibh ardriosca ag baint le dhá bhratach Bhallstáit de chuid an Aontais in 2023**. Baineann na táscairí feidhmíochta sin le longa atá faoi bhratach Ballstáit de chuid an Aontais ach atá ag trádáil i réigiúin éagsúla ar fud an domhain, lasmuigh den Aontas.

**Fíor 10:** Feidhmíocht bhratach de chuid an Aontais de réir Mheabhrán Comhthuisceana Thóiceo.




Foinse: Mheabhrán Comhthuisceana Thóiceo (Tokyo MoU)

**Fíor 11:** Feidhmíocht bhratach an Aontais de réir USCG.




Foinse: Gharda Cósta na Stát Aontaithe (USCG)

# Eagraíochtaí aitheanta

Leanann na stáit bhrataí de chúraimí a tharmligeand'eagraíochtaí aitheanta d'fhonn suirbhéanna reachtúla a dhéanamh agus d'fhonn deimhnithe a eisiúint araon. **In 2024 rinnedhá thrian de na Ballstáit uile de chuid an Aontais an deimhniú um shábháilteacht loinge paisinéirí a eisiúint a tharmligean, go hiomlán nó go páirteach, d'eagraíocht aitheanta: méadú 10 % ar 2020.** Fuarthas treocht den chineál céanna maidir le deimhniú an Chóid Idirnáisiúnta um Bainistíocht Sábháilteachta a thiomnú.


Ar fud an domhain, tá 110 n-eagraíocht aitheanta ag bratach amháin ar a laghad (méadú 15 % i gcomparáid le 2020), ach níl ach 11 acu aitheanta ag an gCoimisiún Eorpach. Tharraing an tAontas siar an t-aitheantas a thug sé do Chlár Loingseoireachta Muirí na Rúise i mí Dheireadh Fómhair 2022.

# Soithí iascaireachta

Faoi láthair, tá beagnach 70 000 soitheach iascaireachta faoi bhratach Bhallstáit de chuid an Aontais – líon lena léirítear laghdú 6 % ó 2020 i leith. Tá cabhlach faoi bhratach Bhallstáit de chuid an Aontais ag dul in aois freisin, agus **70 % de na soithí níos sine ná 25 bliana d'aois anois**, agus gan ach 2 % den chabhlach iomlán tógtha i rith na tréimhse ó 2019 go 2023.


Ina theannta sin, níl ach 3 % de na soithí iascaireachta uile atá cláraithe i mBallstát de chuid an Aontais 24 mhéadar ar fhad nó níos mó, agus tá 6 % díobh idir 15 mhéadar agus 24 mhéadar ar fad. Tá an chuid eile díobh (91 %) níos lú ná 15 mhéadar ar fad.

**Fíor 12:** Dáileadh de réir faid den chabhlach iascaireachta atá faoi bhratach Bhallstáit de chuid an Aontais.




Foinse: DG MARE


**Fíor 13:** Dáileadh de gus aoise den chabhlach iascaireachta atá faoi bhratach Bhallstáit de chuid an Aontais.




Foinse: DG MARE

Is ionann soithí iascaireachta atá níos lú ná 24 mhéadar agus níos mó ná 25 bliana d'aois agus an líon is mó den chabhlach iomlán faoi láthair (68 %). Tá an treocht sin i dtaobh dul in aois sách coitianta anois i ngach raon faid soithí iascaireachta, fiú laistigh den chuid den chabhlach atá os cionn 24 mhéadar, ar soithí níos sine iad níos mó ná 50 % díobh.


**Fíor 14:** Dáileadh aoise soithí iascaireachta faoi bhratach Bhallstáit de chuid an Aontais de réir faid (2023).




Foinse: DG MARE

**Bíonn soithí iascaireachta leochaileach faoi leith do thionóiscí, rud a fhágann gur tosaíocht iad maidir le bearta sábháilteachta feabhsaithe.** Is ionann na soithí sin agus 17 % de líon iomlán na dtionóiscí a taifeadadh gach bliain faoi raon feidhme reachtaíocht infheidhme an Aontais, **agus 60 % de líon iomlán na soithí a cailleadh**. In 2023 bhí iarmhairtí a bhí an-tromchúiseach nó tromchúiseachmar thoradh ar 55 % de na tionóiscí sin.

**Fíor 15:** Sciar de tharluithe a bhí an-tromchúiseach agus tromchúiseach in aghaidh cineál loinge.




Foinse: EMCIP (EMSA)

Níl na caighdeáin sábháilteachta atá ann faoi láthair le haghaidh soithí iascaireachta chomh dian céanna leis na caighdeáin le haghaidh loingseoireacht tráchtála. Níor tháinig Comhaontú Cape Town, an coinbhinsiún idirnáisiúnta atá dírithe ar chaighdeáin sábháilteachta do shoithí iascaireachta a chur chun feidhme, i bhfeidhm fós. Go dtí seo, níl an comhaontú daingnithe ach ag naoi mBallstát de chuid an Aontais, mar aon leis an Íoslainn agus an Iorua.

Tá meastóireacht á déanamh ar leibhéal an Aontais ag an gCoimisiún ar chur chun feidhme Threoir 97/70/CE maidir le córas sábháilteachta comhchuibhithe a chur ar bun le haghaidh soithí iascaireachta 24 mhéadar ar fad nó níos mó. Ag an am céanna, rinneadh bearta breise a bhfuiltear ag súil go dtabharfar leo léargas nua ar leochaileachtaí na soithí sin. Leathnaíodh raon feidhme na Treorach um Imscrúdú Tionóiscí (Treoir 2009/18/CE) chun tuairisciú tionóiscí a bhaineann le soithí iascaireachta faoi 15 mhéadar ar fhad a bhaineann le básanna agus le cailleadh soithí a chur san áireamh. Ina theannta sin, leis an leasú ar an Treoir RSC (Treoir 2009/16/CE), cuirtear réimeas deonach nua le haghaidh soithí iascaireachta lena raon feidhme.


# Stát calafoirt




I bhfianaise an mhéadaithe ar thrácht muirí agus na rioscaí sábháilteachta a bhaineann le longa atá faoi bhun caighdeáin, tá RSC ríthábhachtach i dtaobh a áirithiú go gcomhlíontar rialacháin sábháilteachta in uiscí de chuid an Aontais. Déanann Ballstáit an Aontais, mar stáit chalafoirt, cigireacht ar longa atá faoi bhratach eachtrach a thugann cuairt ar a gcalafoirt chun a fhíorú go gcomhlíonann siad caighdeáin sábháilteachta, comhshaoil agus saothair. Feidhmíonn sé sin mar an dara líne chosanta i gcoinne loingseoireacht atá faoi bhun caighdeáin, rud lena gcomhlánaítear freagrachtaí na stát brataí.

**Tá líon na gcigireachtaí RSC a dhéantar gach bliain san Aontas faoi Mheabhrán Comhthuisceana Pháras fós os cionn 14 000** tar éis an téarnaimh ón tréimhse COVID-19. Chuir formhór na mBallstát tús an athuair lena n-iarrachtaí cigireachta agus, i gcásanna áirithe, sáraíodh na figiúirí iarphaindéime.

**Fíor 16**: Líon na long aonair a ndearnadh cigireacht orthu, agus líon iomlán na gcigireachtaí RSC a rinne Ballstáit an Aontais (2019-2023).





**Foinse:** Thetis (EMSA)

Tháinig méadú 4 % ar líon na long aonair a ndearna oifigigh RSC cigireacht orthu in 2023 i gcomparáid le 2019. **Bhain thart ar cheann amháin as gach dhá easnamh le sábháilteacht,** agus ba iad easnaimh a bhain le sábháilteacht dóiteán na heasnaimh ba mhinice a tuairiscíodh, beag beann ar an gcineál loinge.

In 2023 bhí 77 % de na longa uile nach raibh faoi bhratach an Aontais a thug cuairt ar chalafoirt an Aontais ar bhratliosta bán Mheabhrán Comhthuisceana Pháras, agus bhí 4 % díobh faoi bhratacha a raibh saincheisteanna suntasacha sábháilteachta ag baint leo, liostaithe ar bhratliosta dubh Mheabhrán Comhthuisceana Pháras.

In 2023, áfach, bogadh bratach Phanama ón mbratliosta bán chuig an mbratliosta liath (rud a léirigh roinnt saincheisteanna sábháilteachta) faoi aicmiú Mheabhrán Comhthuisceana Pháras. Ba iad longa a bhí cláraithe le Panama an dara líon ba mhó cuairteanna ar chalafoirt san Aontas – os cionn 115 000 idir 2019 agus 2023. Ciallaíonn sé sin **gur tháinig méadú ar sciar na long a bhí ar an mbratliosta liath ó 5 % in 2020 go 19 % in 2023.**

**Fíor 17:** Dáileadh soithí nach bhfuil faoi bhratach an Aontais a thugann cuairt ar chalafoirt an Aontais: Bratliosta bán, bratliosta liath agus bratliosta dubh Mheabhrán Comhthuisceana Pháras (2023).




Foinse: EMSA

Ba iad longa faoi bhratach na Libéire, Phanama agus Antigua agus Barbúda na trí bhratach ba mhó nach raibh faoi bhratach Bhallstáit de chuid an Aontais iad na trí cinn ba mhinice a thug cuairt ar chalafoirt an Aontais, ach in 2023 bogadh bratach Phanama ó bhratliosta bán Mheabhrán Comhthuisceana Pháras chuig an mbratliosta liath, bunaithe ar a feidhmíocht sábháilteachta.

## Hazmat

Is contúirt mhór do chriú, do lastas agus do chalafoirt ghlactha é mídhearbhú a dhéanamh ar earraí guaiseacha agus earraí ábhair truaillithe (hazmat). In 2023 bhí 14 % de na longa a **bhí ag iompar ábhar hazmat — agus a shroich calafoirt an Aontais ó chalafoirt agus críochfoirt nach de chuid an Aontais iad — bhí siad faoi bhratach de thíortha nach de chuid an Aontais iad, agus bhí siad ar an mbratliosta liath agus dubh chomh maith.**

Ar bhealach níos dearfaí, tá an céatadán d'ábhar hazmat neamhdhearbhaithe tar éis laghdú faoi bheagnach 50 % ó 2019 i gcás longa a thagann isteach ó chalafoirt nach de chuid an Aontais iad. In 2023 bhí céatadán na ndearbhuithe ábhair ghuaiseacha a bhí ar iarraidh sa chóras Eorpach um fhaireachán ar thrácht soithí, SafeSeaNet, timpeall 4 % de longa a d'imigh as calafoirt an Aontais agus, ar an gcaoi chéanna, timpeall 4 % de longa a tháinig ó chalafoirt nach de chuid an Aontais iad.


# Stát cósta



© Johner Bildbyra AB/ Getty Images

Déanann Ballstáit anAontais (ina gcáil mar stáit chósta) maoirseacht agus rialáil ar ghníomhaíochtaí muirí laistigh dá n-uiscí, go háirithe chun tionóiscí agus damáiste don chomhshaol a chosc agus chun tacú leis an líonra cumarsáide muirí. Idir 2019 agus 2023 tharla 1 631 thionóisc laistigh d'uiscí teorann de chuid an Aontais gach bliain ar an meán, rud a d'fhág gur tuairiscíodh 1 018 n-oibríocht chuardaigh agus tarrthála (SAR) i rith na tréimhse sin.

**Fíor 18:** Líon iomlán na long ar a raibh idirghabháil SAR de dhíth, laistigh d'uiscí de chuid an Aontais – tionóiscí a bhain le long amháin ar a laghad faoi bhratach Bhallstáit de chuid an Aontais (2019 2023).




Foinse: EMCIP (EMSA)

Ar fud an domhain, agus laistigh den Aontas, déantar freagrachtaí SAR a bhainistiú ar an leibhéal náisiúnta agus a éascú trí chomhaontuithe comhair ar fud réigiúin éagsúla an Aontais. Idir 2019 agus 2023 bhain 13 % d'idirghabhálacha SAR in uiscí de chuid an Aontais le soithí a bhí faoi bhratach tíortha nach de chuid an Aontais iad.

Ó 2019 go 2023 b'ionann soithí iascaireachta agus 58 % de na hoibríochtaí SAR go léir, rud a chiallaíonn, nuair a chuirtear an sciar sin i gcomhchoibhneas le líon na soithí iascaireachta a raibh baint acu le tionóiscí, go raibh **idirghabháil SAR de dhíth ar 36 % ar a laghad de na soithí iascaireachta go léir a bhí i nguais i rith na tréimhse sin.**

Saincheist atá ag teacht chun cinn in SAR is ea é dúshlán na n-oibríochtaí i gceantair iargúlta, go háirithe do longa paisinéirí mar gheall ar an líon mór daoine a n-iompraíonn siad. Cuireann líon méadaithe na long cúrsála a thugann cuairt ar réigiúin na bpol (an tArtach agus an tAntartach) leis an mbaol go mbeidh idirghabháil oibríochtaí SAR de dhíth. Tá sé ríthábhachtach don phobal muirí ullmhú do na dúshláin sin.

# Maraithe agus sábháilteacht


© Thomas M. Barwick INC / Getty Images

Tá maraithe cáilithe riachtanach chun sábháilteacht oibríochtaí long a chinntiú agus tá siad ríthábhachtach do thodhchaí na hearnála muirí ina hiomláine san Aontas. Mar sin féin **is cosúil go bhfuil an díorma saothair muirí atá ar fáil ag éirí níos lú.**

Faoi dheireadh 2023 bhí deimhnithe inniúlachta (CoCanna) bailí — arna n-eisiúint ag Ballstát de chuid an Aontais — ag 172 308 máistir loinge agus oifigeach. B'ionann é sin agus laghdú 20 % é sin ó 2019, ach laghdú 7 % nuair a chuirtear san áireamh iarmhairt tharraingt siar na Ríochta Aontaithe as an Aontas. Ag an am céanna, bhí deimhnithe inniúlachta bunaidh — arna n-eisiúint ag tíortha nach de chuid an Aontais iad — ag 125 519 máistir loinge agus oifigeach eile – méadú 4 % ó 2019 – agus formhuinithe arna n eisiúint ag Ballstáit an Aontais lena bhfianaítear a n-aitheantas.

Ar an iomlán, faoi dheireadh 2023, bhí an deimhniú agus formhuiniú riachtanach ag 297 827 máistir loinge agus oifigeach chun fónamh ar bord soithí faoi bhratach Bhallstáit de chuid an Aontais, arb ionann é agus laghdú **12 % i gcomparáid le 2019.**

Sa bhliain chéanna, ba é meánaois na maraithe a bhí incháilithe chun obair a dhéanamh ar longa faoi bhratach Bhallstáit de chuid an Aontais 44 dóibh siúd a ndearnadh a ndeimhniú i mBallstát de chuid an Aontais, agus 41 dóibh siúd a ndearnadh a ndeimhniú i dtíortha nach de chuid an Aontais iad. Ina theannta sin, tá sciar na mban i ngairm na maraíochta fós an-íseal, agus mná iad ach 2.78 % d'iomlán de na maraithe a bhí gníomhach in 2023 — agus a raibh deimhniú bainte amach acu san Aontas, agus gan ach 0.8 % d'iomlán na maraithe a raibh deimhniú bainte amach acu i dtíortha nach de chuid an Aontais iad.

# Maraithe: dálaí oibre agus oiliúint

Tá dálaí oibre na maraithe fós dúshlánach. Is ann d'easnaimh ó thaobh dálaí fostaíochta de, lena n-áirítear **uaireanta oibre agus scíthe, pá agus leithdháileadh foirne faoin gCoinbhinsiún Oibreachais Mhuirí (MLC), Teideal 2**, agus faightear easnaimh ar an dóigh sin **i gceann amháin as gach 13 chigireacht RSC de chuid Meabhrán Comhthuisceana Pháras ar an meán**. Idir 2019 agus 2023 **fuarthas i gceann amháin as gach ceithre** chigireacht RSC easnaimh faoi chatagóir MLC maidir le cúram sláinte, cosaint sábháilteachta agus cosc tionóiscí ar mharaithe (Teideal 4) i dtuarascálacha MT Pháras. Fuarthas ní ba mhó ná 60 % de na heasnaimh a bhain le MLC a aimsíodh i rith na tréimhse tagartha ar bhord bulc-iompróirí nó lastlonga ginearálta, agus thart ar 13 % ar bhord tancaer.

Cuid thábhachtach den phróiseas sábháilteachta is ea oiliúint maraithe. Déanann an Coimisiún, le cúnamh ó EMSA (a chuireann cigireachtaí i gcrích), measúnú ar na córais oideachais a chuirtear chun feidhme i dtíortha nach de chuid an Aontais iad thar ceann Bhallstáit de chuid an Aontais, agus i gcomhréir leis an gCoinbhinsiún Idirnáisiúnta maidir le Caighdeáin Oiliúna, Deimhniúcháin agus Faire do Mharaithe.

Chuige sin, **tá aitheantas bainte amach ag 51 thír nach de chuid Aontais iad do na deimhnithe ar inniúlacht a n-eisíonn siad**, rud a chuireann ar chumas dá maraithe oibriú ar bord loinge atá faoi bhratach Bhallstáit de chuid an Aontais.

# Sábháilteacht agus inbhuanaitheacht



© SHansche/Getty Images

D'fhonn na spriocanna maidir le hastaíochtaí a leagtar síos sa Chomhaontú Glas don Eoraip a bhaint amach, ní mór don earnáil mhuirí glacadh le breoslaí malartacha agus teicneolaíochtaí cumhachta malartacha agus sábháilteacht long á háirithiú ag an am céanna. D'fhéadfaí go mbeadh baint ag na foinsí nua fuinnimh sin le rioscaí suntasacha, rud lena n éilítear bearta láidre sábháilteachta agus dearaí atá níos sábháilte iontu féin.

Ó 2019 go 2023 tháinig méadú faoi thrí ar a laghad ar líon na long atá ullmhaithe le haghaidh úsáid **gáis nádúrtha leachtaithe (GNL)** (gan iompróirí GNL a áireamh) ar fud an domhain, agus tá 34 % díobh ag feidhmiú san Eoraip. Cumhdaítear GNL go hiomlán leis an gcód idirnáisiúnta um shábháilteacht long a úsáideann gáis nó breoslaí íseal-splancphointe eile, lena leagtar síos caighdeáin sábháilteachta ar an leibhéal idirnáisiúnta le haghaidh breoslaí íseal-splancphointe agus gásacha.

Cé go gcumhdaítear **hidrigin** faoin gcód thuas, níl forálacha sonracha ann lena dtugtar aghaidh ar an riosca ard inadhainteachta agus pléasctha a bhaineann léi. Táthar ag súil le dréacht treoirlínte neamh-éigeantacha IMO maidir le longa a bhreoslaítear le hidrigin faoi 2026. Idir an dá linn, tá staidéar ar acmhainneacht hidrigine mar bhreosla sa loingseoireacht seolta ag EMSA, le sraith thiomnaithe staidéir maidir le gnéithe sábháilteachta a ghabhann léi ina dhiaidh sin.

Tá méadú ar úsáid **meatánóil**, agus tá aghaidh tugtha uirthi sin cheana féin le treoirlínte eatramhacha IMO (MSC.1/Circ.1621), a bheidh á bhfeabhsú sna blianta amach romhainn de réir mar a théitear i dtaithí ar a úsáid mar bhreosla sa loingseoireacht. D'fhonn tuilleadh cúnaimh a thabhairt do lucht ceaptha beartas agus don tionscal araon, tá staidéar i dtaca le hacmhainneacht breoslaí sintéiseacha sa loingseoireacht foilsithe ag EMSA, lena n áirítear meatán sintéiseach nó leictrimheatánól, agus treoir maidir le buncaeireacht lena n áirítear meatánól bithfhoinsithe.

Is ag céim luath a ghlactha fós atá úsáid **amóinia**, gan aon úsáid tráchtála ná údair thromchúiseacha imní maidir lena thocsaineacht a bheith ann faoi láthair. In 2024 d'fhormheas IMO treoirlínte eatramhacha neamhéigeantacha maidir le hamóinia (MSC.1/

Circ.1687), lena gcuirtear a húsáid shábháilte mar bhreosla chun cinn. Ag an am céanna, agus chun tacú leis an lucht ceaptha beartas agus leis an tionscal, chuir EMSA staidéar amach ina ndearnadh anailís ar acmhainneacht amóinia mar bhreosla sa loingseoireacht, i dteannta le sraith staidéir i dtaca lena sábháilteacht a fhiosrú agus a anailísiú.

Níl aon mhórábhar imní sábháilteachta ag baint le **bithbhreoslaí** amhail éitear démheitile, eistear meitile aigéid shailligh, díosal Fischer-Tropsch (díosal FT) agus OGH atá níos measa ná na hábhair imní a ghabhann le breoslaí iontaise traidisiúnta. D'fhonn aghaidh a thabhairt ar bhearna i gcaighdeánú nósanna imeachta maidir le buncaeireacht mhuirí bithbhreosla, tá doiciméad treorach foilsithe ag EMSA ina bhfuil seicliostaí le haghaidh céimeanna agus cumraíochtaí éagsúla buncaeireachta.

Mar threoir le húsáid **gáis peitriliam leachtaithe** tá treoirlínte eatramhacha 2023 IMO (MSC.1/Circ.1666).

Le **cealla breosla**, ardaítear saincheisteanna i dtaobh sábháilteachta freisin de dheasca sceitheadh féideartha, agus tá na treoirlínte neamhéigeantacha atá i bhfeidhm (MSC.1/Circ.1647) le leasú agus le comhdhlúthú amach anseo.

Tá méadú ag teacht ar an úsáid a bhaintear as **ceallraí** le linn turais ghearr-raoin, ach tá caighdeáin idirnáisiúnta maidir le sábháilteacht in easnamh fós. In 2023 d'eisigh EMSA an chéad treoir neamhéigeantach do riaracháin náisiúnta agus don tionscal arb é is aidhm di cur chun feidhme aonfhoirmeach na gceanglas sábháilteachta fíor-riachtanach do chórais stórála fuinnimh ceallraí ar bord long. Dírítear sa treoir ar cheallraí litiam-ian, arb ionann iad agus an teicneolaíocht ceallraí is minice a úsáidtear i bhfeidhmeanna muirí.

Ina theannta sin, trí **longa a nascadh le fuinneamh ar talamh**, tugtar isteach rioscaí comhéadain, rud lena n-éilítear bainistiú cúramach. Dá bhrí sin tá treoir maidir le leictreachas cois cladaigh foilsithe ag EMSA chun cabhrú le riaracháin náisiúnta i dtaca le pleanáil agus forbairt bonneagair leictreachais cois cladaigh.

# Sábháilteacht agus uathoibriú

De réir mar a leanann tionscal na loingseoireachta de bheith ag bogadh i dtreo uathoibriú méadaithe, tá measúnú riosca ríthábhachtach chun measúnú agus fíorú sábháilteachta foriomlán a dhéanamh ar dhearaí nua long dromchla uathoibrithe muirí (MASS), agus ba cheart breathnú air ar bhealach iomlánaíoch, agus na nithe a leanas á chur san áireamh: guaiseacha a bhaineann le leagan amach fisiciúil, oibriú, rialú beart maolaithe riosca agus cothabháil.

Ó thaobh na rialála de tá dul chun cinn déanta leis an gCód IMO MASS neamhéigeantach a fhorbairt. An tráth céanna, d'fhonn tacú le measúnuithe comhsheasmhacha sábháilteachta, tá modheolaíocht rioscabhunaithe shaincheaptha (a áirítear i ndréachtchód IMO MASS) agus uirlis bogearraí píolótacha ghaolmhar (an Uirlis Measúnaithe Rioscabhunaithe) forbartha ag EMSA chun cabhrú le riaracháin mhuirí, agus chun cabhrú leis an tionscal d'fhonn gnéithe atá ríthábhachtach ó thaobh na sábháilteachta de a shainaithint, agus tosaíocht a thabhairt dóibh i ndearaí MASS luathchéime.

Maidir le hoibriú sábháilte soithí uathoibrithe tá plé fós ar siúl i dtaca leis na himpleachtaí a bheidh aige sin do mharaithe agus dá n-oiliúint. D'fhonn an plé faoi sin a éascú, tá tuairisc ar shainaithint inniúlachtaí le haghaidh oibríochtaí MASS in ionaid chianrialaithe curtha le chéile ag EMSA. Amach anseo, beidh an ghné dhaonna ríthábhachtach i bhforbairt agus in oibriú na soithí sin agus a n-ionad cianrialaithe gaolmhar.

# Conclúidí

Tá córas láidir cuimsitheach sábháilteachta muirí curtha le chéile ag an Aontas Eorpach le roinnt blianta fada anuas. D'ainneoin go bhfuil dul chun cinn suntasach bainte amach go dtí seo is iomaí dúshlán atá fós le sárú, rud lena chuirtear in iúl go soiléir nach roghnach an rud é an córas a choinneáil ag imeacht agus a threisiú tuilleadh. Ina ionad sin tá sé bunriachtanach dul ar gcúl go ré na loingseoireachta faoi bhun an chaighdeáin a sheachaint, ar ré í lenar bhain tionóiscí tromchúiseacha, díobháil don chomhshaol agus bás daoine. Rud atá an-tábhachtach is ea go leanann iompar muirí de ról ríthábhachtach i ngeilleagair dhomhanda agus i ngeallagar an Aontais a bheith aige, agus le méadú i méideanna trádála agus trácht paisinéirí, ar rud é lena leagtar béim ar an ngá atá le soithí níos sábháilte agus níos éifeachtúla.

Le creat reachtach comhchuibhithe an Aontais, áirithítear cur chun feidhme agus forfheidhmiú comhsheasmhach ar fud na mBallstát, rud lena gcomhlánaítear coinbhinsiúin idirnáisiúnta. Tá an cur chuige comhtháite sin ríthábhachtach i gcónaí d'fhonn ardchaighdeáin sábháilteachta a ráthú, fiú mar a thugann treochtaí domhanda – amhail aistriú thionscal na longthógála chun na hÁise – spleáchais agus leochaileachtaí nua isteach do thionscal muirí an Aontais.

D'ainneoin laghdú 16 % a tháinig ar thionóiscí a taifeadadh ó 2019 i leith, ní mór fós aghaidh a thabhairt ar roinnt guaiseacha. Tá teagmhais dóiteáin a d'fhéadfadh a bheith ar longa róró agus HSCanna fós ina n-ábhair imní, go háirithe ós rud é go bhfuil go leor soithí paisinéirí ag dul in aois. Tá laghdú 50 % ar an mídhearbhú maidir le lasta guaiseach, rud lena léirítear an dul chun cinn maidir le forfheidhmiú agus feasacht, d'ainneoin na mbearnaí i gcomhlíonadh fós i dtaca le líon beag soithí.

Is bagairt shuntasach d'inbhuanaitheacht na sábháilteachta muirí iad na dúshláin a bhaineann leis an lucht saothair. Ó 2019 anuas tá laghdú 12 % ar líon na máistrí agus na n-oifigeach a bhfuil teacht orthu san Aontas. Tá imní ann freisin faoi lucht saothair atá ag dul in aois, agus faoi chumas an tionscail glúine nua de mharaithe a mhealladh. D'ainneoin mheánaois chobhsaí na maraithe – rud lena dtugtar le tuiscint go bhfuil iontrálaithe nua sa tionscal ag teacht in ionad na ndaoine atá ag imeacht as an ngairm – tá tarraingteacht na hearnála fós íseal de dheasca tionchar ar leith atá ag na dálaí oibre ar bord long. Le cigireachtaí saothair a chuirtear i gcrích go rialta léirítear go bhfuil easnaimh ann i dtaobh leas criúnna, go háirithe ar bhulc-iompróirí agus ar lastlonga. Léirítear leis na saincheisteanna sin an géarghá atá ann le hinfheistíocht leanúnach san oiliúint agus le feabhas a chur ar dhálaí oibre.

Trí bhreoslaí malartacha a thabhairt isteach cuirtear deiseanna ar fáil chun astaíochtaí a laghdú, ach tugtar isteach rioscaí nua sábháilteachta freisin leo. Sa Rialachán FuelEU Maritime (Rialachán (AE) 2023/1805), a tháinig i bhfeidhm in 2025 leagtar síos spriocanna uaillmhianacha maidir le gás ceaptha teasa a laghdú, rud lena n-éilítear dearadh sábháilte long, dianmheasúnuithe riosca agus oiliúint leanúnach a chur ar mharaithe. Tá bearta glactha

ag EMSA cheana féin i dtaca leis sin, trí threoir a fhoilsiú maidir le sábháilteacht ceallraí, agus trí chur le forbairt chaighdeáin IMO freisin.

Tá sábháilteacht long paisinéirí, go háirithe in oibríochtaí intíre, fós mar phríomhthosaíocht ag an Aontas. Mar sin féin cuirtear bac ar an dul chun cinn de dheasca forbairt mhall i dtaobh caighdeáin sábháilteachta nuashonraithe agus a gcur chun feidhme neamh chomhsheasmhach ag na Ballstáit. Ní mór aird a thabhairt ar rioscaí nua a d'fhéadfadh a bheith ann, amhail dóiteáin feithliclí leictreacha ar bord long róró.

Clúdaítear sa dara heagrán seo de Emsafe an chéad dá bhliain de chogadh foghach na Rúise i gcoinne na hÚcráine. Ó shin i leith, tá an 'scáthchabhlach' tar éis éirí níos feiceálaí in uiscí de chuid na hEorpa mar bhealach chun ola Rúiseach, ar a raibh smachtbhannaí, a iompar. Ar an mórgóir, ní thugann na soithí sin cuairt ar chalafoirt an Aontais, ná ní bhíonn siad faoi bhratach Bhallstáit de chuid an Aontais. Dá bhrí sin tá siad lasmuigh de ghnáthchórais chigireachta an Aontais, agus ní léir a bhfeidhmíocht sábháilteachta. Ina theannta sin, tá comhdhéanamh an chabhlaigh sin sách dinimiciúil, agus is minic a athraítear bratach orthu. Is deacair measúnú a dhéanamh ar an riosca a bhaineann leo do chóstaí an Aontais, ach is riosca ar leith í an éiginnteacht inti féin. D'fhéadfadh an chéad eagrán eile de Emsafe tionchar na forbartha sin a mheas ó thaobh na sábháilteachta muirí de más rud é go dtagann sonraí níos iontaofa- chun solais.

Mar achoimre, tá tús curtha le tréimhse claochlaithe tapa do thimpeallacht sábháilteachta muirí an Aontais. Le nuálaíocht theicneolaíoch, uaillmhian chomhshaoil agus réaltachtaí oibríochtúla atá ag teacht chun cinn éilítear cur chuige atá réamhbhreathnaitheach agus comhtháite. Mar sin féin, i bhfianaise phróifíl an chabhlaigh, beidh seanlonga ann ar feadh tamall fada taobh le dearaí níos nuaí. Leanfaidh EMSA de bheith ina phríomh-chomhpháirtí i dtaobh dul i ngleic leis na dúshláin sin, rud lena n-áiritheofar go bhfanfaidh farraigí na hEorpa slán sábháilte, athléimneach agus inbhuanaithe go ceann na mblianta fada amach romhainn.

## MAIDIR LEIS AN NGNÍOMHAIREACHT EORPACH UM SHÁBHÁILTEACHT MHUIRÍ

Is é an misean atá ag EMSA ná freastal ar leasanna muirí an Aontais le haghaidh earnáil mhuirí atá slán, sábháilte, glas agus iomaíoch, agus a bheith ina phointe tagartha iontaofa a bhfuil ardmheas air in earnáil mhuirí na hEorpa agus ar fud an domhain. I measc na gcuraimí atá orainn, tá sábháilteacht, slándáil, inbhuanaitheacht, digitiú agus fothú acmhainneachta muirí, agus sinn de shíor ag tacú go huile is go hiomlán le Ballstáit an Aontais agus leis an gCoimisiún Eorpach.

### Déan teagmháil linn le tuilleadh eolais a fháil

**An Ghníomhaireacht Eorpach um Shábháilteacht Mhuirí**
Praça de Europa 4,
1249-206 Liospóin,
an Phortaingéil

**Teil.:** +351 211 209 200
**Suíomh gréasáin:** emsa.europa.eu
**Fiosrúcháin:** emsa.europa.eu/contact
**Na meáin shóisialta:** emsa.europa.eu/newsroom/connect